

❖ An Lúibín ❖

19 Meán Fómhair 2011

Comhdháil

27 - 28 Deireadh Fómhair 2011

Official Languages and Bilingualism Institute
Ollscoil Ottawa

Tá **síneadh ama** ann go 16 Meán Fómhair 2011 d'achomrí ar pháipéir.

<http://www.ilob.uottawa.ca/20bliain/ga/call-ga.html>

Tá úsáid na Gaeilge ag méadú ar fud an domhain, agus in Éirinn tá Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge foilsithe. Is í príomhaidhm na comhdhála seo an teanga a chur chun cinn i Meiriceá Thuaidh agus é sin a chur in oiriúint don Straitéis 20 Bliain.

Ceithre sheisiún a bheidh ann:

- Dátheangachas
- Teicneolaíocht agus Oideolaíocht
- Taighde agus Scríbhneoireacht na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh
- Comhoibriú: Institiúidí Tríú Leibhéal agus Comhphobal na Gaeilge

Beidh aoichainteoir i ngach ceann de na ceithre sheisiún.

Fáiltítear roimh achomrí ar pháipéir ghairide (15 nóiméad) a bhaineann leis na hábhair thuasluaite. Cuir achomrí 300-500 focal chun Kevin Scannell (kscanne@gmail.com), chomh maith le d'ainm agus ainm na hollscoile nó na heagraíochta a mbaineann tú léi, roimh 16 Meán Fómhair 2011 (spriocdháta sínte).

Táthar ag brath ar imeachtaí na comhdhála a fhoilsiú. Más mian leat do pháipéar a fhoilsiú ní mór duit leagan scríofa de do pháipéar a sholáthar roimh an chomhdháil. Spriocdháta: 30 Meán Fómhair 2011.

Is í an Ghaeilge príomhtheanga na comhdhála, ach beidh cead ag láithreoirí Béarla a úsáid más gá.



Teanga an taoibh eile


Is an-díol spéise é an t-alt a bhí ar an *Irish Times* i dtús na míosa seo – scéal faoi bhorradh mall (an-mhall!) na Gaeilge i measc dhílseoirí an Tuaiscirt.¹ Múinteoir i mBéal Feirste Thiar is ea Linda Ervine, bean a mbíodh Brian, a fear céile, i gceannas ar an Progressive Unionist Party. Bhí deartháir a céile, David Ervine, ina athchime de chuid an UVF a rinne mórán chun an tsíocháin a chur chun cinn agus a rinne féin staidéar ar an nGaeilge i bpríosún.

Chuir Linda an-suim i dtaighde a thaispeáin cá mhéad Protastúnach a d'úsáideadh an teanga, agus dúirt sí go raibh a lán Protastúnach ag iarraidh goimh na polaitíochta a bhaint as an scéal. Cuir sí féin eolas ar an teanga trí ghrúpa ban a bhain leis an East Belfast Mission and Short Strand Community Centre. D'fhoghlaim na mná, idir Phrotastúnaigh agus Chaitlicigh, Gaeilge agus Gàidhlig, agus léirigh taighdeoir go raibh a lán Protastúnach i mBéal Feirste féin a raibh Gaeilge acu de réir dhaonáireamh na bliana 1911.

¹ 'Ervine relative speaks up for Irish: A relative of the former loyalist leader David Ervine has revealed she has started to learn the Irish language,' *The Irish Times*, 1/9/11.

Bhí baint ag an mbuntionscadal trasphobail leis An Droichead, lárionad Gaeilge i mBéal Feirste a d'fháiltigh roimh Linda agus roimh dhaoine eile dá pobal.

Sliocht as foirm an Daonáirimh, 1911



<http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/>



Cén t-ainmhí é seo? (Iontráil ó Annála Ríochta Éireann, 1472)

Anmann iongantach do theacht i n-Eirinn o righ Saxan .i. ionnsamhail bhaineich, dath buidhe fuirre, ingne bó aice, braighe fhoda, ceann ro-mor, earball imleabhar osé granna teircfionnfadhach, & díollait di fein fuirre, cruithneacht, & salann aseadh nó caithedh. No thairrngedh gach slaod eire dá mhéd as a h-erball. Do leicceadh for a gluinibh fo gach doras da airde, & acc dol dia marcach fuirre.

Ainmhí iontach a theacht in Éirinn ó Rí Shasana, i.e. cosúil le láir, dath buí uirthi, ingne bó aici, bráid fhada, ceann ró-mhór, eireaball mór agus é granna tearcfhionnaidh, agus diallait di féin uirthi. Tharraingíodh sí gach slaodeire² dá mhéd as a heireaball. Ligeadh sí í féin ar a glúine faoi gach doras dá airde, agus nuair a bhíodh marcach ag dul ar muin uirthi.

CELT Irish Texts: Annála Ríochta Éireann: <http://celt.ucc.ie/irlpage.html> M1472.14



Réamhdhéanta

Tá taithí ag lucht gaelscolaíochta ar fhoirgnimh réamhdhéanta ar láithreáin shealadacha. Uaireanta, áfach, tagann cor iontach sa scéal, mar a tharla i gcás Ghaelscoil Uí Dhrisceoil i gContae Chorcaí. Bhí 240 daltá á múineadh i ceithre sheomra réamhdhéanta agus i dtrí sheomra chearta ar thalamh club rugbaí i Ráth Chuanna. Ansin tugadh faoi deara go raibh áit nua ar fáil – óstán i Ráth Cítill. Bhí fear forbartha le hóstán nua a oscailt ann ach tháinig meath an gheilleagair ina choinne. Thoiligh an Roinn Oideachais leis an áit a thógáil ar léas, agus chuir an fear forbartha féin (Séamas Geaney) airgead dá chuid féin isteach sa scoil nua.³

² Slaod + eire (ualach).

³ 'Gaelscoil moves from prefabs to dreamland,' Olivia Kelleher, *Irish Examiner*, 30/8/11.

Tá sé sheomra ranga dhéag ann, ceithre sheomra acmhainní, dhá sheomra ceoil, seomra drámaíochta, seomra ríomhaireachta, leabharlann mhór, seomra cócaireachta, agus halla. Tá trí cúirt leadóige ann, faiche peile agus iománaíochta, agus cúirt chispheile. Lena chois sin, tá fearann garraíodóireachta ann.



Soilsiú

Buidéal plaisteach, uisce scagtha, tuarthóir agus séaltán: áis shimplí sheiftiúil chun seomra dorcha a shoilsiú. Níl ag teastáil chuige ach solas na gréine, agus tá grúpa de chuid na nOileán Filipíneach ag tabhairt solais isteach sna slumanna. Féach:

<http://www.youtube.com/watch?v=JOI4vwhwkW8&feature=youtu.be>



Foraois ar lár

San Astráil is ársa, dorcha, tais iad coillte ár samhlaíochta. Táimid féin, Eorpaigh nó Áisigh, inár screamh ar dhroim na tíre. Bhí cine anseo romhainn agus tá a sliocht beo fós: déantar trácht éigin ar a ndúchas, cé nach féidir linn éagóir an tseansaoil a chur ina cheart. Ach tig linn (dar linn) an fhoraois a shábháil, an diamhair a chaomhnú. Sin mar a chruthóimid go bhfuil oidhreacht againn agus gur maith an airí orainn í.

As ré an rómánsachais a fáisceadh samhail na foraoise úd, ar ndóigh: áit a maolaítear nó a cealaítear diansolas an tsamhraidh ann, áit a shamhlaítear le huaigheas agus saibhreas glas Gondwanaland. Ligeann sí dúinn dearmad a dhéanamh ar loime agus ar thriomacht leath na tíre, fiú más as an bhfásach sin a thagann (mar a dúirt file dár gcuid) na fáithe. Is ansa linn rún na raithní, an solas glas scagtha, draíocht agus filíocht an dúlra shéimh sheanda.

A mhalairt de thuairim atá ag cuid againn, ar ndóigh. Foraoiseacht inbhuanaithe an scéal is binne lena leithéidí – scuablománaíocht (*clearfelling*) den saghas atá ag tarraingt conspóide le fada in oirdheisceart na hAstráile. Sa Tasmáin a bhí an t-achrann is géire, ach tá a chion féin den chonspóid anois ag Victoria. Roimh theacht na nEorpach ba chrainn ghuma leadhbacha (*Eucalyptus regnans* – ‘mountain ash,’ ‘stringybark’) os cionn 70% de na seanchrainn ar ardáin Victoria – crainn a bhí breis is nócha méadar ar airde.⁴ Tá an méid sin beagnach imithe; níl na seanchrainn le fáil anois ach i dtimpeall 1% den limistéar atá faoi chrainn. An sábh ba chúis le cuid de, agus na tinte móra (atá ag teacht anois ar dhroim a chéile) ba chúis leis an gcuid eile. Deir David Lindenmayer, taighdeoir ón Fenner School of Environment and Society in Ollscoil Náisiúnta na hAstráile, má leantar den scuablománaíocht agus den dóiteán, gur baolach nach mbeidh ann ach scrobarnach.⁵

Tá na crainn úd ar na cinn is airde ar domhan. Scamhann a gcuid rúisc ina leadhbanna fada, agus is breá leo leicne fliucha deisceartacha sléibhte, áit a bhfaighfeá raithneach mhór thíos fútha – iarsmaí de na faoraoisí ab ársa. Sa Tasmáin tá os cionn 80% díobh ídithe, agus is measa fós an scéal in Victoria.

Tar éis tine mhór a athghineann crainn eoclaipe, agus déantar é ar dhá shlí: le síol nó le bachlóga eipeachormánacha atá i bhfolach istigh sa chrann. An dara slí is rogha leis an gcuid is mó de na crainn. De ghnáth, coisceann hormóin sna duilleoga ar na bachlóga úd bláthú, ach má scriosann an tine na duilleoga bláthaíonn na bachlóga gan srian, agus is gearr go mbíonn an t-athfhás le feiceáil go soiléir. Ní mar sin don chrann guma leadhbach. Ó shíol amháin a fhásann sé, agus le gríosú na tine a ghineann an síol sin. Má scriosann an tine na duilleoga nó an crann go léir scaiptear na síolta go tiubh ar an talamh, agus gineann crainn óga sa luaith.

I lár Victoria tá na seanfhoraoisí beagnach ídithe – na crainn fíorarda imithe, an scuablománaíocht (*clearfelling*) ar siúl, na tinte ag teacht go fíormhinic. 150 bliain ó shin bhí foraoisí ann a bhí idir 200 agus 450 bliain d’aois,

⁴ Féach *Aimmneacha Gaeilge Fhársa na hAstráile* ar Vicipéid:

http://ga.wikipedia.org/wiki/Aimmneacha_Gaeilge_Fh%C3%A1sra_na_hAstr%C3%A1ile. Tugtar ‘stringybark’ ar a lán speicis eoclaipe.

⁵ ‘Just 1% of central highlands old growth survives: “This forest is one of the saddest things I’ve ever seen”,’ Adam Morton, *The Age*, 12/9/11.

agus iad á gcothú ag na tinte a thiocthadh ó am go chéile i ndeireadh an tsamhraidh. Níl sa tseanfhoraois anois ach 1% den iomlán, agus deirtear gur baolach nach mbeidh ann ach scrobarnach feasta. Cuireann an scuablománaíocht dlús le hathfhás, ach déantar dochar don dobharcheantar agus scriostar na seanlomáin a thugann dídean d'ínmhithe beaga. Tá an tír níos tirime agus na tinte úd ag teacht ar mhullach a chéile, iad beo ar na crainn óga atá brúite ar a chéile. De réir a chéile tá fás na gcrann mór á chosc, fás atá luath go leor de ghnáth – méadar in aghaidh na bliana. VicForests, gníomhaireacht stáit, atá i bhfeighil an ghnó, agus an port céanna acu i gcónaí – gur lománaíocht inmharthana atá ar siúl. Tá na plandálacha ann anois ach ar éigean a choinneoidís cos leis an éileamh, agus tugtar faoin bhforaois nádúrtha dá bharr.

Ní scéal nua é seo in Victoria. Cuimhnímis ar Fhoraois an Vombat (*Wombat State Forest*) in aice le Ballarat, seanchathair na mianadóirí óir. I lár an 19ú haois bhí an fhoraois sin sé mhíle is seasca ar fad, í lán de chrainn mhóra agus ina dídean ag na 'cattle duffers,' gadaithe beithíoch. Áit í a raibh sáreolas ag na Wathaurong, Bundúchasaigh an réigiúin, uirthi roimh theacht na nEorpach. Bhíodh 'messmate' (*Eucalyptus obliqua* agus eile) ann, crainn ghuma mhiontais (*Eucalyptus nicholii*), crainn ghuma bhána, crainn ghuma leadhbacha (*Eucalyptus macrorhyncha* agus eile), crainn ghuma réisc (*Eucalyptus grandis*) agus crainn ghuma bhreaca (*Eucalyptus maculata*). Bhíodh toirt ar leith sna crainn ba mhó, iad ag éirí go haer agus cuid acu trí mhéadar déag faoi gcuairt thíos.

Na hÉireannaigh a leag í, thar aon dream eile – fir a raibh Gaeilge ó dhúchas ag cuid mhaith acu. B'annamh aon cheird eile acu, agus b'éigean dóibh a gcúram a chothú. Ní raibh easpa oibre orthu. Bhíodh síoréileamh ag na mianaigh ar adhmad le haghaidh poipéad, cabhsaí agus trasnán nó le haghaidh na ngaileadán a thiománadh na gcaidéal, na mbuailteoirí agus gach gléasra eile. Leagtaí na crainn le tua agus sábh agus dhéantaí na lomáin a tharraingt amach le seisreach capall nó cuingir damh, mura ndéanfaí é le jinpear – fearas iompair dhá roth. Sa gheimhreadh amháin, séasúr fliuch, a bhíodh an obair ina stad. Bhí a fhios acu go mbeadh an fhoraois rompu go deo agus d'fhág sí fásach ina ndiaidh. Bhí a lán muilinn sábhadóireachta bheaga thall is abhus agus cead ag gach ceann acu adhmad a bhaint as a lamháltas féin. Rinneadh feirmeacha de chuid den talamh glanta. Faoi dheireadh an 19ú haois d'fhógair an rialtas nach raibh sa Vombat ach 'foraois mhíllte'. Ó shin i leith tá sí ag teacht chuici féin agus lucht a caomhnaithe san airdeall ar aon rud a mhíllfeadh arís í.

Tá an aisling ann i gcónaí: an tsamhail úd ina measc. Ach b'fhéidir nach sabhálfadh sí na foraoisí eile.

♦♦♦♦♦

Táim buíoch de Val Noone agus de Mary Doyle as an eolas a sholáthair siad faoi mhuintir Hillis, gaolta do Mary a d'oibríodh sna foraoisí. Féach 'Black Joe from Bungaree and other timber-getters,' caint a thug siad ag an Mechanics Institute, Ballarat, ar 31 Iúil 2009, mar chuid de *Twilight Talks (Winter Session)*.

Le léamh:

Houghton, Norm: *Timber and Gold: a history of the sawmills and tramways of the Wombat Forest, 1855-1940*. Melbourne: Light Railway Research Society of Australia, 1980.

Toohy, Jack: *On the Eastern Fringe: Recollections and Stories on the Settlement and Farming Histories in the Bungaree, Wallace, Bolwarrah and Gordon Districts*. Ballarat 2005.

♦♦♦♦♦

Athdhúchas

Tógadh mé i Sruth an Mhuilinn (Millbrook), ceantar beag i lár Victoria. Áit rúnda í a bhí faoi chrainn ar fad i lár an 19ú haois déag, fearann dúchais an Wathaurong, dream a bhfuil a gcuid déantúsán scaipthe fós sa limistéar a mbaineann an ceanta leis. Bhíodh an diongó ann, an cangarú, an chrotach. D'imigh siad sin, ach d'fhan an cocatú garg agus na pearóidí, agus tá an Moorabool, abhainn bheag, ag rith tríd i gcónaí. Chuir Éireannaigh fúthu ann sna 1860í nuair a rinneadh iarracht na réimsí móra caorach a roinnt ina ngabháltais ar fheirmeoirí beaga. Sinn ag teacht abhaile ar an vaigin sa samhradh ar bharr lasta ard féir, sinn ag piocadh phrátaí maidin sheaca. Faoi am sin bhí an madra rua tagtha agus na droighneáin curtha.

Bhíodh Gaeilge á labhairt sa limistéar sin. Bhí sí le cloisteáil i measc mo mhuintire féin cúpla glúin siar tar éis dóibh teacht i dtír, agus ba é an scéal céanna ag a lán teaghlach eile é. Muimhnigh á labhairt le chéile. Feirmeoirí

láidre ba ea mo mhuintir, teach mór againn agus é lán de leabhair de gach saghas. Seanleabhair faois stair na hÉireann san áireamh, gan amhras, cé gur ar éigean ba chuimhin linn Éire a bheith ann faoin am sin. Ach thug mé faoin nGaeilge le fonn, rud a thug sásamh éigin do mo mháthair, beannacht Dé lena hanam. Is féidir a rá, mar sin, go ndearna Muintir Riain a gcion féin ar son na teanga i gcíocha nua a ndúchais. Is é go ndearnadh teanga cheart Astrálach di arís: Gaeilge ghriandóite.

Níl Sruthán an Mhuilinn pioc níos Gaelaí ná mar a bhí (bhí sé Gaelach a dhóthain riamh ar a shlí féin), ach tá ainmneacha na gcainteoirí dúchais le léamh fós ar na leaca is sine sa reilig is gaire, agus tá na taibhsí eile ann – an cine is sine ar fad, dream nach bhfuil aon duine díobh le fáil sa cheantar anois, cé go bhfuil a sliocht ar marthain fós in áiteanna eile.

CR

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or to coling.ryan@ato.gov.au.

Leaganacha simplithe

Teanga an taoibh eile

Bhí alt suimiúil ar an *Irish Times* i dtús na míosa seo – scéal faoi dhílseoirí⁶ i dTuaisceart Éireann atá ag foghlaim Gaeilge. Orthu sin⁷ tá Linda Ervine, múinteoir i mBéal Feirste a raibh cairde gaoil⁸ léi páirteach i gcúrsaí polaitíochta. Rinne deartháir a céile, paraimíleatach, staidéar ar an nGaeilge i bpríosún.

Chuir Linda an-suim i dtaighde a thaispeáin cá mhéad Protastúnach a d'úsáideadh an teanga. Dúirt sí go raibh a lán Protastúnach ag iarraidh rud neamhpholaitiúil a dhéanamh den teanga anois. Cuir sí féin eolas ar an teanga trí ghrúpa ban, idir Phrotastúnaigh agus Chaitlicigh, a bhí ag foghlaim Gaeilge agus Gàidhlig. Dúirt taighdeoir leo go raibh a lán Protastúnach i mBéal Feirste féin a raibh Gaeilge acu de réir dhaonáireamh na bliana 1911.

Bhí baint ag an tionscadal⁹ seo leis An Droichead, lárionad Gaeilge i mBéal Feirste a d'fháiltigh roimh Linda.

Foraois ar lár

San Astráil tá greim ag an bhforaois ar ár samhlaíocht. Mura de shliocht Bundúchasach sinn,¹⁰ bainimid le dream nach bhfuil san Astráil le fada. Ach measaimid, ar a laghad, gur féidir linn an fhoraois a shábháil, an diamhair a chaomhnú. Mar sin a chruthaímid go bhfuil oidhreacht dhúchasach againn.

As ré an rómánsachais a fáisceadh¹¹ samhail úd na foraoise.¹² Samhlaítear¹³ an fhoraois le huaigneas agus saibhreas glas Gondwanaland. Ligeann sí dúinn¹⁴ dearmad a dhéanamh ar loime¹⁵ agus ar thriomacht na tíre.

Tuairim eile atá ag daoine éigin, áfach. Is fearr leo 'foraoiseacht inbhuanaithe'¹⁶, rud a bhaineann úsáid as an scuablománaíocht.¹⁷ Bhí conspóid sa Tasmáin faoi seo agus anois tá an chonspóid chéanna ar siúl in Victoria. Roimh theacht na nEorpach ba mórán crann guma leadhbach (*Eucalyptus regnans* – 'mountain ash') i lár Victoria – crainn an-arda. Tá siad beagnach imithe anois.

Tar éis tine mhór a athghineann¹⁸ crainn eoclaipe, rud a dhéantar ar dhá shlí: le siol nó le bachlóga atá i bhfolach istigh sa chrann.

Maidir leis na bachlóga, tá hormóin¹⁹ sna duilleoga a choisceann ar na bachlóga sin bláthú. Má scriosann an tine na duilleoga bláthaíonn na bachlóga. Ach le síolta a athghineann an crann guma leadhbach. Is í an tine a chuireann síolta an chrainn ghuma leadhbaigh ag giniúint.²⁰ Má scriosann an tine na duilleoga scaiptear na síolta go tiubh ar an talamh agus fásann siad ann.

⁶ Dílseoirí - loyalists

⁷ Orthu sin – among them

⁸ Cairde gaoil – friends and relations

⁹ Tionscadal - project

¹⁰ Mura de shliocht Bundúchasach sinn – unless we are of Aboriginal descent

¹¹ Fáisceadh – sprang, issued

¹² Samhail úd na foraoise – that (aforementioned) image of the forest

¹³ Samhlaítear (le) – it is likened to

¹⁴ Ligeann sí dúinn – it allows us

¹⁵ Loime – bareness, aridity

¹⁶ Inbhuanaithe - sustainable

¹⁷ Scuablománaíocht - clearfelling

¹⁸ Athghineann – sprout, grow (again)

¹⁹ Hormóin - hormones

²⁰ Cuireann...ag giniúint – causes (them) to sprout

I lár Victoria tá na seanfhoraosí beagnach idithe. Cuireann an scuablománaíocht dlús le hathfhás,²¹ ach déantar dochar don dobharcheantar²² agus scriostar na seanlomáin²³ a thugann dídean d'ínmhithe beaga. Bíonn mórán crann óg ann agus is furasta dóibh dul trí thine.²⁴ Má thiteann sé sin amach²⁵ go rómhínic ní bheidh ann ach scrobarnach.

Ní scéal nua é seo in Victoria. Cuimhnimis²⁶ ar Fhoroais an Vombat (*Wombat State Forest*) in aice le Ballarat, seanchathair na mianadóirí óir. I lár an 19ú haois bhí an fhoroais sin sé mhíle is seasca ar fad agus í lán de chrainn mhóra.

Na hÉireannaigh a leag í, thar aon dream eile. B'éigean dóibh a gcúram²⁷ a chothú, agus ní raibh easpa oibre orthu. Bhíodh síoréileamh ag na mianaigh óir ar adhmaid. Bhí a lán muilinn sábhadóireachta bheaga ann. Faoi dheireadh an 19ú haois d'fhógair an rialtas nach raibh sa Vombat ach 'fórais mhíllte'. Ó shin i leith tá sí ag teacht chuici féin.²⁸

²¹ Athfhás - regrowth

²² Dobharcheantar – catchment area

²³ Seanlomáin – old logs

²⁴ Dul trí thine – catch fire

²⁵ Má thiteann sé sin amach – if that occurs

²⁶ Cuimhnimis (ar) – let us recall

²⁷ Cúram - dependents

²⁸ Ag teacht chuici féin - recovering